Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**15272/19**

**ENV 1041**
**AGRI 629**
**DEVGEN 253**
**PI 159**
**FORETS 70**
**ONU 147**
**PECHE 565**
**RECH 531**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An creat bithéagsúlachta domhanda tar éis 2020 a ullmhú – an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD) – Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcreat bithéagsúlachta domhanda tar éis 2020 a ullmhú – an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD), arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3741ú cruinniú dá cuid, a reáchtáladh ar an 19 Nollaig 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**An creat bithéagsúlachta domhanda don tréimhse tar éis 2020 a ullmhú**
**An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD)**

**– Conclúidí ón gComhairle –**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

Á MHEABHRÚ DI:

Cinneadh Uimh. 1386/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020 dar teideal 'Muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid';

Na conclúidí ón gCeathrú Cruinniú Déag de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, lena n-áirítear an gealltanas a thug na Páirtithe ag mír ardleibhéil na Comhdhála;

Torthaí Thuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda 2019 um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais ón gClár Idir-Rialtasach um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais, ina dtugtar foláireamh go bhfuil an dúlra ag dul in olcas ar fud an domhain ag rátaí nach bhfacthas riamh roimhe seo agus go bhfuil dlús á chur leis an ráta díothaithe speiceas, le hiarmhairtí tromchúiseacha ar na hearraí agus ar na seirbhísí a sholáthraíonn an dúlra do dhaoine ar fud an domhain;

An Clár Oibre Straitéiseach Nua don tréimhse 2019-2024 a ghlac an Chomhairle Eorpach, lena gcuirtear béim ar an ngá práinneach atá ann Eoraip a thógáil a bheidh aeráidneodrach, glas agus cóir go sóisialta, lena gcuirtear cúinsí náisiúnta san áireamh, agus lena dtugtar gealltanas go mbeidh sí ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí chun cailliúint na bithéagsúlachta a chomhrac agus chun córais chomhshaoil a chaomhnú, lena n-áirítear na haigéin;

Na Conclúidí ón gComhairle maidir leis na nithe seo a leanas:

- "An taidhleoireacht aeráide"[1];
- "An dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis Foraoise an Aontais agus maidir le creat straitéiseach nua i gcomhair foraoisí"[2];
- "Tuilleadh ciorclaíochta – An t-aistriú chuig sochaí inbhuanaithe"[3], ina gcuirtear i bhfios go láidir gur uirlis éifeachtach é an geilleagar ciorclach chun dul i ngleic leis na nithe a spreagann an meath agus na bunchúiseanna atá le cailliúint na bithéagsúlachta;
- "An 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol – *Turning the Trends Together*" [Na Treochtaí a Chasadh le Chéile][4];
- "Ullmhúcháin do chruinnithe de chuid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), (Santiago de Chile, an tSile, 2-13 Nollaig 9)"[5];
- "Bithgheilleagar inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú"[6];
- "Dlús a chur le gníomhaíocht chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú"[7];
- "Na haigéin agus na farraigí"[8];

Á ATHDHEIMHNIÚ DI go bhfuil an tAontas Eorpach gona Bhallstáit an-tiomanta don Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus na Prótacail a ghabhann leis a chur chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil[9];

AGUS Í Á TABHAIRT DÁ hAIRE an rún ó Uachtarán an Choimisiúin Comhaontú Glas don Eoraip a thíolacadh, lena n-áirítear Straitéis Bhithéagsúlachta don bhliain 2030, arb é is aidhm di an tAontas Eorpach a dhéanamh aeráidneodrach, an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú, sláinte na saoránach a fheabhsú agus inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht an gheilleagair a áirithiú;

---

1 6153/19.
2 8609/19.
3 12791/19.
4 12795/19.
5 12796/19, i ndáil le cruinnithe de chuid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, athlonnaíodh iad go Maidrid, an Spáinn, tar éis na n-imeachtaí a tharla tar éis ghlacadh na gconclúidí.
6 14594/19.
7 [Uimhir thagartha le cur isteach tráth a ghlactha]
8 14249/19.
9 Prótacal Nagoya maidir le Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus Comhroinnt Chothrom agus Chothromasach na Sochar a eascraíonn óna nÚsáid; Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht agus Prótacal Forlíontach Nagoya-Kuala Lumpur ar Dhliteanas agus Sásamh a ghabhann le Prótacal Cartagena.

**AN PHRÁINN ATÁ LE GNÍOMHÚ DOMHANDA FEABHSAITHE**

1. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR CÚIS MHÓR IMNÍ DI ráta domhanda chailliúint na bithéagsúlachta, thar a bhfacthas riamh roimhe seo, agus gur bagairt dhíreach eisiach atá ann do bheatha agus dea-bhail an duine; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá tabhairt faoi ghníomhaíochtaí domhanda go práinneach chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus chun cur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch a neartú go suntasach ar gach leibhéal, ós rud é go bhfuil iarmhairtí millteacha á mbrath cheana féin, amhail díghrádú na talún agus na n-aigéan, an fhionnuisce agus na bhforaoisí, dífhoraoisiú agus fairsingiú fásaigh, mar gheall ar chúiseanna idirthuilleamaíocha arb é an duine is cúis leo, go háirithe athruithe ar úsáid talún agus farraige, saothrú acmhainní nádúrtha, an t-athrú aeráide, truailliú, agus speicis choimhthíocha ionracha;

2. IS CÚIS MHÓR IMNÍ DI torthaí na tuarascála measúnaithe ar dhíghrádú agus athchóiriú talún, agus an Tuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais a d'eisigh an Clár Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES), chomh maith leis na tuarascálacha a d'eisigh an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) in 2018 agus in 2019, agus aird á tabhairt ar a gcóineasú láidir maidir leis an ngá atá le hathrú práinneach, claochlaitheach; maidir leis sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS CÚIS MHÓR IMNÍ DI staid scáfar an dúlra, ina bhfuil tuairim is milliún speiceas i mbaol a ndíothaithe, impleachtaí forleathana an díghrádaithe éiceachóras, go háirithe an dífhoraoisiú, an díghrádú foraoisí agus bogaigh, agus na himpleachtaí diana a bhaineann le hathrú aeráide gan laghdú a mbíonn aigéadú na n-aigéan mar thoradh air *inter alia* mar aon le tionchair dhiúltacha ar éiceachórais agus ar phobail mhuirí agus chósta, agus ar gheilleagar na n-aigéan;

3. IS OTH LÉI GO MÓR nach bhfuil an domhan, lena n-áirítear an tAontas gona Bhallstáit, d'ainneoin tuilleadh iarrachtaí, ar an mbóthar ceart chun formhór Spriocanna Bithéagsúlachta Aichi a bhaint amach, agus nach leor an uaillmhian ná na gníomhaíochtaí atá againn faoi láthair chun Fís 2050 don Bhithéagsúlacht a bhaint amach;

4. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go mbeidh an tAontas gona Bhallstáit ar thús cadhnaíochta maidir leis na hiarrachtaí i gcoinne chailliúint na bithéagsúlachta agus go gcuirfidh siad dlús leis na hiarrachtaí sin, agus go gcuirfidh siad go mór le creat bithéagsúlachta domhanda don tréimhse tar éis 2020 a ghlacadh, ar creat é a bheidh uaillmhianach agus réalaíoch agus ina mbeidh spriocanna agus táscairí intomhaiste a mhéid is féidir; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil géarghá le hathrú claochlaitheach chun Fís 2050 a bhaint amach, chun staid na bithéagsúlachta agus na seirbhísí éiceachórais a chosaint agus a fheabhsú ar gach leibhéal, chun athléimneacht na n-éiceachóras, nascacht agus athchóiriú éiceolaíoch a atreisiú, agus díghrádú na n-éiceachóras a sheachaint;

5. I gcomhthéacs an chreata bithéagsúlachta domhanda don tréimhse tar éis 2020, tá an Chomhairle TIOMANTA I gCÓNAÍ na sinéirgí agus an tacaíocht fhrithpháirteach a fheabhsú sna comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil (MEAnna) a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus sna creataí agus sna heagraíochtaí ábhartha, amhail na Coinbhinsiúin sin de chuid Rio (Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an Gaineamhlú a Chomhrac (UNCCD), Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP)), Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO), Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO), Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste,an Creat maidir le Bainistiú Ceimiceán (SAICM*)*, Clár Oibre nua Uirbeach na Náisiún Aontaithe, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS), agus Clár Oibre 2030 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) ann;

6. MOLANN SÍ don Aontas gona Bhallstáit machnamh a dhéanamh ar thionscnaimh dhomhanda ábhartha a nascadh le chéile arb é is aidhm dóibh feasacht pholaitiúil agus uaillmhian pholaitiúil a neartú maidir leis an mbithéagsúlacht a chosaint, amhail comhghuallaíochtaí le huaillmhianta ardléibhéil, chun na gealltanais atá ann cheana a chur chun feidhme go práinneach agus gealltanais bhreise a thabhairt, agus ar an gcaoi sin dlús suntasach a chur le gníomhaíochtaí chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus díghrádú na n-éiceachóras a aisiompú, rud a chuirfidh chomh maith le Deich mBliana na Náisiún Aontaithe maidir le hAthchóiriú na nÉiceachóras;

7. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil na hiarrachtaí chun Clár Oibre 2030, agus na SDGanna atá ann, agus na hiarrachtaí chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta ag brath go mór ar a chéile agus go dtreisíonn siad a chéile; IS MIAN LÉI UÍDH A THARRAINGT AIR, AGUS IS CÚIS IMNÍ DI É, go sainaithnítear sa Tuarascáil maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe Domhanda 2019 na SDGanna 14 ("beathra faoin uisce") agus 15 ("beathra ar talamh") a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus atá i measc na spriocanna lena léirítear treocht dhiúltach fhadtéarmach; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go dtiocfaidh ardú suntasach ar na costais a leanfaidh neamhghníomhaíocht bhreise chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta i ndáil le feidhmiú na n-éiceachóras, leis an gcomhshaol, le bogaigh, leis na farraigí agus na haigéin, le dea-bhail an duine, le huisce agus le slándáil an tsoláthair bia, rud a chuirfidh go mór i mbaol go leor de na SDGanna a bhaint amach;

8. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an cur chuige réamhchúraim, ar áireamh i nDearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt, don Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus do na prótacail a ghabhann leis; Is DÍOL SÁSAIMH DI an obair a rinneadh faoi Phrótacal Cartagena go háirithe maidir le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le biteicneolaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann; ina theannta sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair faoi Phrótacal Nagoya agus IARRANN SÍ ar na páirtithe uile sa Phrótacal dlús a chur lena n-iarrachtaí le go mbeidh Prótacal Nagoya ag feidhmiú go hiomlán;

9. CUIREANN SÍ I dTREIS go dtacaíonn an bhithéagsúlacht agus éiceachórais shláintiúla agus na seirbhísí a ghabhann leo le tairbhiú iomlán chearta an duine;

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil riachtanas práinneach ann coireacht chomhshaoil agus fiadhúlra a chomhrac ar bhealach éifeachtach;

**DLÚS A CHUR LE GNÍOMHAÍOCHT AGUS LE hUAILLMHIAN AN AONTAIS GONA BHALLSTÁIT**

11. TATHANTAÍONN SÍ ar an Aontas gona Bhallstáit aghaidh a thabhairt, go comhuaineach, ar na cúiseanna díreacha agus indíreacha le cailliúint na bithéagsúlachta, trí chuspóirí, spriocanna agus bearta cur chun feidhme a leagan síos atá uaillmhianach réalaíoch agus intomhaiste a mhéid is féidir ;

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais 2030 a fhorbairt gan mhoill, agus í uaillmhianach, réalaíoch agus comhleanúnach, a bheidh ina gné lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip lena dtabharfar aghaidh ar na nithe is cúis le cailliúint na bithéagsúlachta agus le díghrádú an éiceachórais go díreach agus go hindíreach araon, lena n-áirítear cuspóirí maidir le gnáthóga agus speicis a chaomhnú, agus lena ndéanfar prionsabal an réamhchúraim agus cur chuige an éiceachórais a chur i bhfeidhm; IARRANN SÍ freisin ar an gCoimisiún Eorpach féachaint ar bhearta ábhartha rialála agus neamhrialála eile don bhithéagsúlacht, d'éiceachórais shláintiúla gona seirbhísí, agus na torthaí a chuirfear i láthair i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 a bheidh ann amach anseo á gcur san áireamh;

13. TATHANTAÍONN SÍ ar an Aontas gona Bhallstáit an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú go hiomlán sna beartais ábhartha uile Eorpacha agus náisiúnta, earnála, trasearnála agus domhanda, go háirithe beartais aeráide, trádála, tionscail, turasóireachta, talmhaíochta, bia, foraoiseachta, iascaigh, dobharshaothraithe, gnóthaí muirí, fuinnimh, mianadóireachta, iompair, bonneagair, sláinte, comhair forbartha, taighde agus nuálaíochta, geilleagair agus airgeadais, mar shampla trí phleananna gníomhaíochta earnála maidir le bithéagsúlacht a fhorbairt sna hearnálacha sin; sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá ann cistiú leordhóthanach agus comhsheasmhach a áirithiú don bhithéagsúlacht;

14. IARRANN SÍ go ndéanfaí an bhithéagsúlacht a chomhtháthú go hiomlán, go héifeachtach, agus go comhleanúnach, go háirithe, i gceapadh agus i gcur chun feidhme Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) nua 2021-2027, agus i mbeartais a bheidh ann amach anseo, amhail an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol (CGC), an Comhshocrú Aeráide, an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, an straitéis maidir leis an Truailliú Nialasach agus an straitéis Ó Fheirm go Forc, an Comhbheartas Talmhaíochta nua agus an Comhbheartas Iascaigh;

15. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé don Aontas gona Bhallstáit Straitéisí Náisiúnta agus Pleananna Gníomhaíochta maidir leis an mBithéagsúlacht (NBSAPanna) a fhorbairt, a oiriúnú agus a ghlacadh le tráthchláir shoiléire d'fhonn cuidiú le creat bithéagsúlachta domhanda don tréimhse tar éis 2020 a chur chun feidhme agus a bhaint amach; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór gealltanais bhreise phráinneacha a thabhairt chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta, agus chun na héiceachórais talún, fionnuisce, bhogaigh agus mhuirí, laistigh agus lasmuigh de limistéir atá faoi chosaint, a chosaint agus a athchóiriú agus reachtaíocht an Aontais maidir leis an dúlra a chur chun feidhme go hiomlán; AITHNÍONN SÍ nach mór an bonneagar glas agus gorm, réitigh dúlra-bhunaithe lena gcothaítear an bhithéagsúlacht, agus úsáid inbhuanaithe na hithreach, na bhforaoisí agus na n-aigéan, agus acmhainní nádúrtha eile a chur chun cinn;

16. CUIREANN SÍ I DTREIS idirthuilleamaíocht na ndúshlán comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil ról tábhachtach ag réitigh dhúlra-bhunaithe chun dúshláin dhomhanda a réiteach amhail cailliúint na bithéagsúlachta, díghrádú na n-éiceachóras, an bhochtaineacht, an t-ocras, an tsláinte, an ganntanas uisce agus an triomach, an neamhionannas inscne, laghdú rioscaí tubaiste agus an t-athrú aeráide;

17. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá réitigh dhúlra-bhunaithe chun tacú le cosaint, caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, mar aon le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, mar a leagadh amach i dTuarascálacha Speisialta a tháinig ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide le déanaí, i ndáil le beartais aeráide an Aontais a fhorbairt a thuilleadh i gcomhréir le sprioc Chomhaontú Pháras leanúint de na hiarrachtaí an méadú ar an teocht a theorannú go 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch;

18. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór costais agus sochair na bithéagsúlachta ar fud an tslabhra luacha agus sa chuntasaíocht náisiúnta a chur san áireamh, chun teacht ar aistriú chuig tionchar dearfach glan an lucht gnó ar an mbithéagsúlacht, agus an earnáil phríobháideach a shlógadh chun torthaí bithéagsúlachta a bhaint amach; CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór inbhunaitheacht tomhaltais, trádála agus táirgthe a áirithiú agus laghdú suntasach a dhéanamh ar lorg éiceolaíoch an Aontais ar gach leibhéal; maidir leis sin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ról an gheilleagair chiorclaigh agus IARRANN SÍ ar an Aontas Eorpach gona Bhallstáit tacú le haistriú tapa, cuimsitheach, cóir agus glas;

19. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar éifeachtúlacht, ar chost-éifeachtúlacht, ar phríomhshruthú agus ar shineirgí na n-acmhainní atá ar fáil agus acmhainní nua agus acmhainní breise as gach uile fhoinse (airgeadais, theicniúil agus institiúideach) a shlógadh don bhithéagsúlacht; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór profáil bithéagsúlachta a dhéanamh ar na sruthanna ábhartha uile airgeadais chun tionchair dhiúltacha ar an mbithéagsúlacht a sheachaint agus, i gcás inar féidir, chun comhthairbhí a bheith ann do chách;

20. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá athshlánú rathúil Chiste Iontaobhais na hÁise do Thimpeallacht na Cruinne (athshlánú GEF) agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le tacaíocht leanúnach GEF chun creat bithéagsúlachta domhanda tar éis 2020 a chur chun feidhme;

21. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a tiomantas chun ionstraim uaillmhianach idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích faoi 2020, ar ionstraim í a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i dtaca le bithéagsúlacht mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (BBNJ) a chaomhnú agus a úsáid ar bhonn inbhuanaithe; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá na gealltanais agus na próisis ábhartha atá ann cheana a bhaineann leis an mbithéagsúlacht mhuirí agus chósta a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán;

22. TÁ SÍ TIOMANTA don mhéid a leanas:

- dea-shampla a thabhairt agus rannchuidiú go mór le glacadh creata bithéagsúlachta domhanda don tréimhse tar éis 2020 a bheidh uaillmhianach agus réalaíoch, ina mbeidh, a mhéid is féidir spriocanna agus táscairí intomhaiste, lena n-áirítear misean, chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus í a athbhunú faoin mbliain 2030;
- an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú i mbeartais ábhartha uile an Aontais, mar shampla sa Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) nua;
- ag obair ar mhaithe le nasc soiléir a áirithiú idir Fís 2050, Misean 2030, agus ceann amháin nó líon beag de chuspóir(í), garspriocanna, aidhmeanna, agus spriocanna uileghabhálacha féideartha,;
- cur chun feidhme, comhtháthú agus príomhshruthú gníomhaíochtaí ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht i bpleananna agus i mbeartais ábhartha a fheabhsú, agus, freisin, béim a chur ar a thábhachtaí atá ról na NBSAPanna sa chomhthéacs sin;
- athbhreithniú rialta ar chur chun feidhme agus ar chuntasacht beartais, gníomhaíochtaí agus gealltanais i leith an dúlra agus na bithéagsúlachta a fheabhsú, d'fhonn a n-éifeachtacht a fheabhsú go rialta agus a n-uaillmhian a mhéadú, nuair is gá;
- gníomhaíochtaí a neartú agus a chur ar bun agus rannchuidiú le glacadh spriocanna nithiúla intomhaiste chun dul i ngleic go héifeachtach leis na cúiseanna díreacha agus indíreacha a gcailltear an bhithéagsúlacht, arna sainaithint sa Tuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda ó IPBES maidir le Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais;
- oibriú leis na páirtithe go léir, leis na geallsealbhóirí, leis na pobail dhúchasacha agus leis na pobail áitiúla, le mná, leis an óige, leis an eolaíocht agus le lucht gnó, chun go mbeidh toradh rathúil ar CP-CB 15 agus dá éis, a fhreagróidh do na dúshláin a leagtar béim orthu sa Tuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda (2019) ó IPBES maidir le Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais;

- dea-rialachas ó thaobh comhtháthú cúrsaí bithéagsúlachta a chur chun cinn sna hearnálacha ábhartha uile, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht an phobail i bpróisis chinnteoireachta a chothú, agus trí éifeachtacht rochtana ar cheartas a fheabhsú;
- gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh chun stop a chur leis an meath atá ag teacht ar phailneoirí;
- cuimsiú limistéar faoi chosaint agus bearta cosanta limistéarbhunaithe eile a mhéadú ar fud an Aontais, de réir mar is iomchuí, agus a mbainistiú éifeachtach a mhéadú agus a fheabhsú, agus bearta maidir le comhcheangailteacht éiceolaíoch agus athbhunú éiceolaíoch a chur chun cinn;
- an bhithéagsúlacht a chaomhnú, agus leas inbhuanaithe a bhaint as comhpháirteanna na bithéagsúlachta agus úsáid acmhainní géiniteacha agus na tairbhí a eascraíonn óna n-úsáid a roinnt go cóir cothromasach, lena n-áirítear rochtain iomchuí ar acmhainní géiniteacha, i gcomhréir le CBD gona Phrótacail agus leis an gConradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht (ITPGRFA);
- cur go mór leis an taighde agus an nuálaíocht a bhaineann leis an nádúr agus leis an mbithéagsúlacht, agus urraim á tabhairt do chur chuige an réamhchúraim, agus comhar eolaíoch, teicneolaíoch agus eacnamaíoch a chur chun cinn, lena n-áirítear athbhunú agus bainistiú éiceachóras, agus leanúint de bheith ag cur chun cinn gníomhaíochtaí a sheasfaidh i gcoinne speiceas coimhthíoch ionrach san Eoraip agus ar fud an domhain;
- córais faireacháin agus teicneolaíochtaí a fheabhsú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as foinsí sonraí nua chun feabhas a chur ar cháilíocht, ar thráthúlacht agus ar inchomparáideacht na sonraí cuimsitheacha maidir leis an mbithéagsúlacht;
- méadú ar chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme réiteach dúlra-bhunaithe, atá mar thaca le caomhnú, athbhunú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, *inter alia*, cailliúint na bithéagsúlachta, an t-athrú aeráide, an truailliú, speicis choimhthíocha ionracha, an díghrádú talún, laghdú rioscaí tubaiste, an tslándáil uisce agus bia, sláinte an duine agus díothú na bochtaineachta;
- feabhas agus géarú a chur ar an aistriú i dtreo geilleagar a bheidh tíosach ar acmhainní, sábháilte, ciorclach agus aeráidneodrach, agus a dhéanfaidh freisin an bhithéagsúlacht agus na seirbhísí éiceachórais a chosaint agus a athbhunú;
- na hiarrachtaí chun an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú i ngach earnáil a neartú agus a uas-scálú go láidir, lena n-áirítear trí spriocanna earnálacha sonracha intomhaiste féideartha, agus an obair a neartú chun deireadh a chur le fóirdheontais lena ndéantar dochar don bhithéagsúlacht;

- luach na bithéagsúlachta a chur san áireamh agus tionchair dhiúltacha ar an mbithéagsúlacht ar fud an tslabhra luacha a sheachaint, lena n-áirítear sa táirgeadh, sa trádáil agus sa tomhailt;
- úsáid éifeachtúil agus éifeachtach acmhainní agus slógadh acmhainní (airgeadais, daonna, teicniúla agus institiúideacha) a fheabhsú as gach foinse don bhithéagsúlacht, agus sreafaí airgeadais intíre agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear i soláthar poiblí, a bheith comhsheasmhach leis an
  gcreat bithéagsúlachta domhanda don tréimhse tar éis 2020;
- a áirithiú go bhfuil beartais sheachtracha an Aontais, lena n-áirítear an an beartas trádála, i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh maidir leis an mbithéagsúlacht;
- gach beart is gá a ghlacadh chun an choireacht fiadhúlra a chomhrac go héifeachtúil; lena n-áirítear marú agus trádáil neamhdhleathach speiceas atá faoi bhagairt a chomhrac;
- ag obair leis an earnáil phríobháideach chun infheistíocht na hearnála príobháidí sa bhithéagsúlacht a shlógadh agus a mhéadú, i gcomhréir le cuspóirí CBD, gnólachtaí a spreagadh chun measúnú a dhéanamh ar a dtionchar diúltach ar an mbithéagsúlacht agus na tionchair sin a laghdú, an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú ina ngníomhaíochtaí agus gealltanais a dhéanamh maidir le Clár Oibre Gníomhaíochta Sharm-el Sheikh go Kunming don Dúlra agus do Dhaoine;
- tabhairt faoi ghealltanas deonach aonair nó gealltanais dheonacha agus/nó i gcomhpháirt leis an Aontas ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, ag an 75ú seisiún i mí Mheán Fómhair 2020 nó ag CP-CB 15 chun cur le creat bithéagsúlachta domhanda don tréimhse tar éis 2020 a bheidh éifeachtach agus rathúil trí aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna a gcailltear an bhithéagsúlacht, arna sainaithint i dTuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda 2019 ó IPBES **;**
- filleadh ar an tsaincheist chun sainordú a ghlacadh don chaibidlíocht le go bhféadfar creat bithéagsúlachta domhanda don tréimhse tar éis 2020 a ghlacadh ag CP-CB 15.